Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Nollaig 2025
(OR. en)

**16234/25**
**ADD 2**

**LIMITE**

**EF 395**
**ECOFIN 1661**
**AG 191**
**BETREG 48**
**IA 216**
**ANTICI 204**
***ECB***
***EIB***

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Iarmhairtí eacnamaíocha reachtaíocht an Aontais<br>– Iarscríbhinn B: Modheolaíocht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn an doiciméad atá san ábhar.

# Iarscríbhinn B: Modheolaíocht

5 Nollaig 2025

PUBLIC

Soiléirítear sa nóta seo an mhodheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm agus na sonraí a úsáidtear chun an tábla forléargais a chruthú á mbailiú (Iarscríbhinn A). Déantar achoimre ar an gcur chuige modheolaíochta i *dtábla 1*, lena n-áirítear: (1) cé na gníomhartha dlí atá san áireamh; (2) nuair a mheastar gníomhartha a bheith ábhartha; (3) cad iad na hiarmhairtí eacnamaíocha atá san áireamh; (4) na cineálacha iarmhairtí eacnamaíocha; (5) an eochair eolais a úsáidtear in Iarscríbhinn A le sonrú cé acu an bhfuil measúnú tionchair iomlán nó páirteach ag gabháil leis na tograí, nó mura bhfuil aon cheann ag gabháil leo.

Ar an iomlán, is fiú a thabhairt chun suntais go dtógtar na sonraí uile maidir le costais riaracháin agus choigeartúcháin, chomh maith le sochair dhíreacha agus (i gcás ina bhfuil fáil orthu) coigilteas costais sa tábla ó mheasúnuithe tionchair an Choimisiúin a ghabhann le tograí reachtacha. Léirítear sa tábla freisin a mhéid a rinneadh measúnú tionchair[1].

Is é is cúis leis na figiúirí atá in easnamh sa tábla measúnuithe tionchair neamhiomlána nach liostaítear iontu na costais agus na sochair ábhartha uile nó nach bhfuil measúnú tionchair déanta ag an gCoimisiún. Ina theannta sin, ní sholáthraítear meastacháin chainníochtaithe i gcónaí nó uaireanta bíonn siad neamhiomlán nó easnamhach i roinnt cásanna. I gcás nach ndéantar aon mheasúnú tionchair, ní áirítear sa tábla figiúirí ó dhoiciméid inmheánacha oibre ná ó dhoiciméid inmheánacha chomhchosúla eile toisc nach ndearna an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála iad a bhailíochtú go foirmiúil.

Mar gheall ar chúiseanna trédhearcachta, leanann an tábla cur chuige ollchostais agus sochar. Tá gach costas cainníochtúil chomh maith le gach tairbhe cháilíochtúil agus chainníochtúil nó gach coigilteas costais i measúnuithe tionchair an Choimisiúin san áireamh sa tábla. Ní féidir teacht ar ghlanfhigiúr aonair trí úsáid a bhaint as na measúnuithe tionchair atá ann faoi láthair, ós rud é gur minic a bhíonn na sochair de chineál cáilíochtúil nó cainníochtaithe ar bhealach a fhágann go bhfuil sé deacair glanríomhanna a dhéanamh gan roghanna scoite a d'fhéadfaí a chonspóid. Tá na meastacháin chainníochtaithe uile ar choigilteas costais a fhaightear i measúnuithe tionchair an Choimisiúin san áireamh sa tábla (sa cholún 'sochair'). Mura n-aimsítear aon mheastachán ar choigilteas costais le haghaidh comhad ar leith sa tábla, is amhlaidh atá toisc nach bhfuil aon cheann i measúnú tionchair an Choimisiúin.

Ba cheart a thabhairt chun suntais, nuair a dhéantar costais athfhillteacha a chomhiomlánú thar roinnt blianta i measúnuithe tionchair an Choimisiúin, gur dáileadh na costais sin thar na blianta ábhartha trí mheán uimhríochtúil sa tábla, toisc go dtagraíonn 'athfhillteach' de ghnáth do mhinicíocht bhliantúil i measúnuithe tionchair an Choimisiúin. Mar sin féin, ní chuirtear san áireamh leis an gcoigeartú sin go bhféadfadh sé go gciallódh 'athfhillteach' eatramh sainithe eile ag brath ar an measúnú tionchair sonrach. Roghnaítear an cur chuige simplí thar chur chuige níos cás-shonraí chun trédhearcacht a mhéadú.

---

[1] De ghnáth, déanann an Coimisiún measúnuithe tionchair le haghaidh tograí a meastar go mbeidh tionchair shuntasacha eacnamaíocha, chomhshaoil nó shóisialta acu. Mar sin féin, baineann eisceachtaí leis sin, ar chúiseanna práinne go hiondúil. Sna cásanna sin, cuirfidh an Coimisiún doiciméad inmheánach oibre ar fáil ina ionad an mheasúnaithe tionchair.

Staon Uachtaránacht na Danmhairge ó choigeartuithe breise a dhéanamh ar fhigiúirí a tógadh ó mheasúnuithe tionchair an Choimisiúin ar chúiseanna trédhearcachta, fiú dá bhféadfaí cruinneas a mhéadú leis. Mar shampla, cuirtear na figiúirí uile sa tábla in iúl sna praghsanna reatha atá le fáil sna measúnuithe tionchair, seachas praghsanna tairiseacha a chuireann boilsciú san áireamh, toisc go n-éileodh sé sin coigeartú ar na huimhreacha ar bhonn raon toimhdí a d'fhéadfaí a chonspóid agus a cheistiú. Thairis sin, ní dhéantar 'costais aonuaire' i measúnuithe tionchair an Choimisiúin a bhliantúlú ná a lascainiú sa tábla, arís toisc go n-éileodh sé sin coigeartú ar na huimhreacha ar bhonn toimhdí inchoimhlinte, rud a laghdódh trédhearcacht. Ba cheart go gcuirfí i dtábhacht go mbeidh gannmheas ar chostais mar thoradh ar an dá rogha mhodheolaíochta.

Ar deireadh, ba cheart go dtabharfaí faoi deara go bhfuil teorainneacha ag baint leis na figiúirí sa tábla forléargais. Braitheann measúnuithe tionchair aonair an Choimisiúin ar thoimhdí éagsúla, lena n-áirítear cásanna bonnlíne, modhanna, sonraí agus bearta leasa. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh figiúirí aonair inchomparáide go díreach, agus i gcásanna áirithe d'fhéadfadh cainníochtú éifeachtaí éagsúla a bheith neamhbheacht, éiginnte nó neamhiomlán. Ina theannta sin, d'fhéadfadh luach roinnt catagóirí sochar a bheith mór, ach nach féidir cainníochtú a dhéanamh orthu agus nár liostaíodh iad dá bhrí sin. Ina theannta sin, d'fhéadfadh éifeachtaí idirghníomhaíochta a bheith ann idir píosaí aonair reachtaíochta. Ba cheart go dtabharfaí faoi deara freisin go bhféadfadh costais níos airde a bheith mar thoradh ar chur chun feidhme náisiúnta ('rórialáil') mar aon le hilroinnt. D'ainneoin na dteorainneacha sin, agus cé nach féidir breathnú ar na figiúirí sin ar leithligh ó na sochair a thiocfadh as na tograí ábhartha, tugann siad forléargas garbh ar na himpleachtaí costais a bhaineann leis an sreabhadh rialála de chuid an Aontais atá ar na bacáin faoi láthair.

PUBLIC

**Tábla 1 Cur chuige modheolaíochta a úsáidtear in Iarscríbhinn A**

| Ábhar | **Raon feidhme na hoibre sonraí** | **Pointí ar a dtabharfar aird** |
|---|---|---|
| **1. Gníomhartha dlí is infheidhme** | Rialacháin agus treoracha. | Na tograí uile atá faoi chaibidil sa Chomhairle nó a bhfuil sainordú glactha ag an gComhairle ina leith a ghlac Coreper le haghaidh cruinnithe tríthaobhacha. Áirítear leis sin na comhaid ghníomhacha uile suas go dtí an 8/10/2025 (tugtar faoi deara go mbaintear an *dlí maidir le faireachán ithreach* a chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa 23/10). |
| | Ní chumhdaítear leis cinntí, moltaí, tuairimí ná gníomhartha tarmligthe ná cur chun feidhme. | Eisiatar gníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme toisc gurb annamh a bhíonn measúnuithe tionchair ag gabháil leo. Bhí 0.5 % de na gníomhartha tarmligthe faoi réir na meastóireachta sin, de réir na tuarascála bliantúla ar an measúnú tionchair ón gComhairle le haghaidh 2023. I gcásanna áirithe, áfach, d'fhéadfadh sé go mbainfeadh costais/ualaí suntasacha le gníomhartha tarmligthe. |
| **2. Ábharthacht** | (a) Gníomhartha dlí atá faoi chaibidil sa Chomhairle. | Ní fhéadfar tograí a ghlacadh mura bhfuil tacaíocht leordhóthanach ann, fiú mura dtarraingíonn an Coimisiún an togra siar. |
| | (b) Gníomhartha dlí a bhfuil sainordú glactha ag an gComhairle ina leith. | |
| **3. Iarmhairtí eacnamaíocha san áireamh** | (a) Costais riaracháin agus choigeartúcháin dhíreacha, idir chostais athfhillteacha agus chostais aonuaire, chomh maith le sochair dhíreacha agus (i gcás ina mbeidh siad ar fáil) coigilteas costais dhíreacha. | Díorthaithe ó mheasúnú tionchair an Choimisiúin gan ach mionchoigeartuithe sonraí a dhéanamh. Is deacair sochair, coigilteas costais, agus costais a aistriú go glanfhigiúr iarmhairtí eacnamaíocha, toisc gur minic nach sonraítear cé acu an sochair, coigilteas costais agus costais athfhillteacha nó aonuaire iad, nó cé acu an ndéanann siad difear do ghnólachtaí nó d'údaráis phoiblí nó nach ndéanann. |
| | (b) Díorthaíodh meastacháin ó mheasúnuithe tionchair, a ullmhaítear de ghnáth nuair a chuirtear tograí isteach. Uaireanta déantar measúnuithe tionchair a thabhairt cothrom le dáta níos déanaí i bhfianaise leasuithe, ach is annamh a dhéantar amhlaidh. | (b) Féadfaidh figiúirí iarbhír a bheith éagsúil leis na cinn a luaitear sa togra bunaidh. Má fhorbrófar modh nua chun leasuithe substaintiúla a chur san áireamh agus má úsáidfear é, is féidir na sonraí a choigeartú dá réir. |
| | (c) Bunaithe ar an rogha thosaíochta (nó ar an aon rogha amháin) a leagtar amach sna measúnuithe tionchair. | D'fhéadfaí go ndearna Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ceann de na réitigh eile nó ceann iomlán éagsúil a chaibidil. |
| | (d) Ní áirítear sna sonraí ach costais, coigilteas costais agus sochair dhíreacha, seachas figiúirí indíreacha. Má tá raon san áireamh sna meastacháin, leagtar amach sna sonraí é, féach Iarscríbhinn A. | |
| **4. Cineálacha costas** | (a) I gcás buiséid náisiúnta, úsáidtear ollchostais iomlána, rud a chiallaíonn costais ar gach aon cheann de na 27 mBallstát. | Déanfar difear ar bhealaí éagsúla do na Ballstáit agus sin ag brath ar thosca ar nós méid nó beartais atá ann cheana. |
| | (b) Déantar costais a chomhiomlánú le haghaidh Bhallstáit uile an Aontais. Mura sonraítear go mbaineann na costais le haghaidh 'soláthraithe seirbhíse' le húdaráis phoiblí, áirítear iad mar chostais ar ghnólachtaí. | |
| **5. Eochair eolais d'Iarscríbhinn A** | **0** = An measúnú a rinneadh, níltear ag súil go mbeidh iarmhairtí eacnamaíocha ag an togra. | |
| | **>0** = Measúnú déanta, táthar ag súil go mbeidh costais nach bhfuil cainníochtaithe ag baint leis an togra. | |
| | '-' = Gan aon mheasúnú | |
| **Nóta ginearálta** | Cumhdaítear cur chun feidhme íosta leis na costais. I gcás treoracha, féadfaidh na Ballstáit ró-chur chun feidhme a dhéanamh. | |